# Tráthchlár na Laethanta Scaoilte

**Seo a leanas tráthchláir shamplacha atá curtha ar fáil ag scoileanna**

Tá na gníomhaíochtaí ionduchtaithe atá liostaithe ar na samplaí bunaithe ar an Anailís ar Riachtanais agus Plean Ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe

**<u>Sampla 1 - DRÉACHT</u>**



cc BY NC

Comhthéacs: Múineann an Múinteoir Nua Cáilithe (MNC) rang na Naíonáin Shinsearacha.Conradh bliana atá acu.Seo an dara lá scaoilte atá eagraithe ag an bhFoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) i gcomhar leis an MNC.

| | |
|---|---|
| **9.00 - 10.50**<br><br>9:00 - 9:40<br>9.40 - 10.20<br>10.20 - 10.50 | **Ionadaí múinteora i seomra ranga an MNC.**<br><br>Cómhúineann an MNC in éineacht le múinteoir a bhfuil taithí acu 1.<br>Tacaíonn an MNC le hobair ghrúpa le múinteoir a bhfuil taithí acu 2.<br>Breathnaíonn an MNC ar mhúinteoir a bhfuil taithí acu 3. |
| **10.50 - 11.00** | **Sos** |
| **11:00 - 11:45**<br><br>11:00 - 11.30<br>11.30 - 11.45 | **Ionadaí múinteora i seomra ranga bhall den FTG.**<br><br>Breathnaíonn ball den FTG ar an MNC.<br>Déanann ball den FTG machnamh ar an mbreathnú mar ullmhúchán do chomhrá iar-bhreathnóireachta a bheidh ann ar ball. |
| **11:45 – 12:30** | **Ionadaí múinteora i seomra ranga an MNC.**<br><br>Glacann an MNC páirt i ngníomhaíocht aontaithe eile bunaithe ar riachtanas aitheanta *m.sh. déanann siad taighde agus pleanáil ar conas ceistiúcháin ardoird go hísealoird a úsáid ar shlí níos fearr*. |
| **12.30 – 1.00** | **Lón** |
| **1:00 - 2:40**<br><br>1:00 - 1:30<br>1:30 - 2:00<br>2:00 - 2:40 | **Ionadaí múinteora i seomra ranga an MNC.**<br><br>Múineann an MNC i gcomhar le múinteoir a bhfuil taithí acu 4.<br>Breathnaíonn an MNC ar mhúinteoir a bhfuil taithí acu 5.<br>Casann an MNC ar bhall den FTG. |

**<u>Sampla 2 - DRÉACHT</u>**

| 3 MNC agus 1 Ionadaí |
|---|

| | MNC 1 | MNC 2 | MNC 3 |
|---|---|---|---|
| 9:00 – 9:45 | Cómhúinteoireacht le ball den FTG nó múinteoir eile.<br>(Ionadaí i rang bhall an FTG). | | |
| 9:45 – 10:50 | | Cómhúinteoireacht le ball den FTG nó múinteoir eile.<br>(Ionadaí i rang bhall an FTG). | |
| 11:00 – 11:50 | | | Cómhúinteoireacht le ball den FTG nó múinteoir eile.<br>(Ionadaí i rang bhall an FTG). |
| 11:50 – 12:45 | Breathnaíonn an MNC ar Literacy Lift-off.<br>(Ionadaí i rang an MNC). | | |
| 1:15 – 1:55 | | Breathnaíonn an MNC ar múinteoir oideachas speisialta a thacaíonn le foghlaim grúpa agus foghlaim aonair.<br>(Ionadaí i rang an MNC). | |
| 1:55 – 2:40 | | | Casann an MNC ar bhall den FTG.<br>(Ionadaí i rang an MNC). |
| Sa chás seo, d’úsáid an scoil am Pháirc an Chrócaigh do chomhráite roimh agus tar éis an bhreathnaithe. | | | |